
# Scéal, Scéal, Scéal...

23 Bealtaine 2024 Eagrán 197

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



Cúmhrán an tsamhraidh i gceantar Chois Fharraige.
Mícheál Ó Lochlainn a thóg an grianghraf.

# CAMPAÍ SAMHRAIDH

Tá ríméad ar Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga a fhógairt go mbeidh dhá chineál campa samhraidh á eagrú againn an samhradh seo. **€50 sa tseachtain** atá ar chuille champa.

Beidh **Ruaille Buaille**, an campa drámaíochta, ar siúl le linn mhí Iúil agus beidh an **Campa Spraoi** ar bun i mí Lúnasa. Mar a tharla anuraidh, is iad Pádhraic Ó Flaithearta is Anne Marie Heyward a bheas i mbun **Ruaille Buaille** arís. Rithfear **dhá champa**:

**Campa coicíse do ghasúir 7–12 bliana**

Seanscoil Sailearna. 1–12 Iúil. 10.00 r.n go dtí 3.00 i.n.

Faigh an fhoirm chlárúcháin.

**Campa seachtaine do ghasúir 3–6 bliana**

Scoil na bhForbacha. 15–19 Iúil. 10.00 r.n go dtí 3.00 i.n.

Faigh an fhoirm chlárúcháin.

Beidh an **Campa Spraoi** ar bun faoi stiúir Phatricia Uí Ghamhnáin.
Tá ceardaíocht, ealaíon, cluichí, siúlóidí agus imeachtaí faoin aer ar an gclár ilghnéitheach atá réitithe ag Patricia. Rithfear an campa **faoi dhó** agus is féidir clárú do **sheachtain amháin** nó don **dá sheachtain**:

**Campa seachtaine do ghasúir 7–12 bliana**

Seomraí an Fhórai, sa Spidéal. 5–9 Lúnasa. 9.30 r.n go 2.30 i.n.

Faigh an fhoirm chlárúcháin.

**Campa seachtaine do ghasúir 7–12 bliana**

Seomraí an Fhóraim, sa Spidéal. 12–16 Lúnasa. 9.30 r.n go 2.30 i.n.

Faigh an fhoirm chlárúcháin.

Líon **teoranta** áiteanna atá ar fáil ar na campaí seo. ***Clárú láithreach!***
Seol foirmeacha clárúcháin chuig optchoisfharraige@gmail.com.

# DAMHSA CRUTHAITHEACH DO PHÁISTÍ

Cuireann Amy O’Reilly ón gcomplacht damhsa **Dance Concepts** ranganna damhsa cruthaitheach ar fáil i gceantair thuaithe. Cuirfear tús le sraith gearr ceithre seachtaine i Scoil Sailearna in Indreabhán ar **an Mháirt 28 Bealtaine**. Dhá rang a bheas ann: **Acro** agus **Bailé**.

**Buntreoir don Bhailé**

Do ghasúir idir 3–5 bliana.
Tosaíonn an rang ag 3.35 i.n.

**Acro**

Do ghasúir idir 6–12 bliana.
Gur thosaitheoirí iad ar an stíl damhsa gleacaíochta seo.
Tosaíonn an rang ag 4.30 i.n. d’aois atá an rang seo.

Díreofar ar bhunús Acro a fhoghlaim. Beidh timbleáil, chomh maith le harduithe agus cothromaíochtaí san áireamh. Tacaíonn an sórt seo damhsa le neart, solúbthacht agus cothromaíocht a fheabhsú.

I nGaeilge, dar ndóigh, a bheas an múinteoir Aileen ag teagasc.
Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin **Dance Concepts**.






# POSTANNA IN LPT CHOIS FHARRAIGE

Tá go dtí 5.00 i.n ar an Luan 27 Bealtaine ag daoine le hiarratais a chur isteach ar an dá phost mar **Oifigigh Pleanála Teanga** atá le líonadh ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.

Beidh na hOifigigh seo lonnaithe in oifigí an Fhóraim in Inis Fáil, i sráidbhaile an Spidéil, agus beidh siad ag obair as lámh a chéile ar fud cheantar Chois Fharraige ó Ros an Mhíl go dtí Na Forbacha ag obair le daoine aonair, le heagrais is le gnólachtaí, le tacú le buanú na Gaeilge mar theanga pobail sa limistéar.




Mar sin, más duine tú atá tiomanta don Ghaeilge, gur mian leat a bheith ag obair sa nGaeltacht agus atá fuinniúil, spreagúil, agus cruthaitheach ba bhreá leis an bhFóram labhairt leat.

Tá chuile eolas le fáil ag [www.coisfharraige.ie](http://www.coisfharraige.ie).
Nó seol teachtaireacht chuig [ptchoisfharraige@gmail.com](mailto:ptchoisfharraige@gmail.com).

# SEISIÚN CEOIL NA bhFORBACHA

Bhí seisiúin bhreátha amhránaíochta ar bun Tigh Phádhraicín sna Forbacha ar Dhomhnach in aghaidh na míosa le tamall anuas. Beidh an ceann deiridh den tsraith reatha ar bun ar an Domhnach beag seo, 26 Bealtaine. Cuirfear tús leis ag 8.00 i.n.

Seán Ó Gráinne a dhéanann cúram fhear an tí agus cuirtear fáilte roimh chách, idir amhránaithe agus éisteoirí.

# FIACH FOCAL

Leanfar leis na seisiúin bhreátha a bhíonn á reáchtáil ag Coiste Oidhreachta agus Cultúir na Ceathrún Rua, i gcomhar le Pobal Rua, ina bpléitear focla agus leaganacha cainte Gaeilge ar an Satharn seo, 25 Bealtaine. ’Sí an saineolaí teanga Máire Feiritéar a stiúrann an plé agus bíonn neart cur is cúiteamh idir í agus na rannpháirtithe; daoine a bhfuil an-eolas acu féin ar an teanga!





Maidin an tSathairn idir 11.00 agus 12.30 a bhíonn sé ar bun, in Acadamh na hOllscolaíochta ar an gCeathrú Rua.

‘An Duine’ atá roghnaithe mar théama don seisiún seo. Buail isteach! Is cinnte go mbainfidh tú sásamh as an bplé agus go gcuirfidh tú le do chuid eolais. Ní gá clárú roimh ré agus ní ghearrtar aon táille.

# CUISLE AN COMHSHAOIL

Is togra é **Cuisle an Chomhshaoil**, atá á eagrú ag Mairéad Hurley, Síle Denvir agus Ciara O'Leary Fitzpatrick. Mar chuid den togra seo, idir 2–4 i.n ar an Domhnach 26 Bealtaine, beidh plé poiblí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua ar chúrsaí comhshaoil, ar an timpeallacht agus ar nósanna traidisiúnta.




Beidh an muireolaí Macdara Ó Cuaig, an t-ealaíontóir is an damhsóir Ríonach Ní Néill, bunaitheoir an chompántas léiriúchán ealaíne Ciotóg, agus Seathrún Ó Tuairisg, a réitigh an láithreán florachoisfharraige.ie i mbun comhrá le Síle Denvir agus le hÉanna Hyland ó Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil.

Déanfar plé ar an gceangal atá againn lenár dtimpeallacht, agus muid ag díriú ar na nósanna atá againn mar phobal. Bígí ag súil le hamhráin agus le ceol a bheith fite fuaite leis an gcomhrá spreagúil. Tá súil go spreagfar cur agus cúiteamh i measc an lucht féachana agus go mbainfear leas as na téamaí a thagann chun cinn mar ábhar inspioráide don chéad chéim eile sa togra. Tar éis na cainte beidh seisiún ceoil oscailte ann.

Tá na ticéid saor in aisce, ach caithfear iad a chur in áirithe ar shuíomh Eventbrite.

# SIÚLÓID DÚLRA AGUS DÚCHAIS

Tá **Grúpa Oibre na Coille**, fochoiste de chuid Chumann Forbartha Chois Fharraige, ag eagrú Siúlóid Dúlra agus Dúchais ar an Domhnach beag seo, 26 Bealtaine.




Beidh deis ag rannpháirtithe foghlaim faoi flóra, feamainn, éanacha agus stair an cheantair ar shiúlóid taitneamhach cois chladaigh a mhairfidh thart ar dhá uair an chloig.

Beidh saineolaithe áitiúla, Seathrún Ó Tuairisg, Eoin Ó Tuairisg, Ríona Ní Aodha agus Kate Fennell ar fáil lena gcuid eolais ar chúrsaí dúlra, timpeallachta agus staire an cheantair a roinnt leis an gcomhluadar.

Tosóidh agus críochnóidh an tsiúlóid sa gcarrchlós ag an bPoitín Stil agus beidh tae agus soláistí ar fáil sa bPoitín ina dhiaidh.

# CRUINNIÚ LE hIARRTHÓIRÍ TOGHCHÁIN

Tá **BÁNÚ** ag eagrú cruinniú poiblí sa gCrompán ar an gCeathrú Rua faoi sholáthar tithíochta sa nGaeltacht. Cuirfear tús leis an gcruinniú ag 8.30 i.n. Beifear ag díriú go sonrach ar na polasaithe tithíochta is na polasaithe pleanála atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.



Tá sé curtha in iúl ag deichniúr de na hiarrthóirí atá ag seasamh sa toghchán don Chomhairle Chontae i gConamara Theas go mbeidh siad i láthair. 'Sí an t-iarchraoltóir Norita Ní Chartúir ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a bheas i mbun áisitheoireachta ar an gcruinniú. Cruinniú oscailte atá ann.

# GAELBHRATACH




D'fhreastal baill ó Choiste Gaelbhrataigh Choláiste Cholmcille ar shearmanas bronnta Gaelbhratach i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach ar an Máirt an 14 Bealtaine. Is scéim de chuid Gael Linn é Gaelbhratach le Gaeilge a spreagadh sa bpobal scoile. Ghlac Katie Ní Thabhais agus Joe Ó Márta, beirt scoláirí Ardteiste, le Gaelbhratach nua thar cheann na scoile mar aitheantas ar obair na scoile i gcur chun cinn na Gaeilge. D'éist na scoláirí le pléphainéal d'aíonna spreagúla as saol na Gaeilge agus bhí an-spraoi acu ag freastal ar cheardlanna ar nós biongó lócó. Maith sibh a dhaltaí Choláiste Cholmcille!

# TRÁ NA gCEIST
# TIGH CHUALÁIN

Don tríú bliain as a chéile beidh foireann shóisear Ban Chumann Mhicheál Breathnach páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta i gCill na Martra i nGaeltacht Mhúscraí an deireadh seachtaine seo chugainn.

Seo í an t-aon fhoireann ó Chois Fharraige atá cáilithe le páirt a ghlacadh sa gcomórtas náisiúnta. Bhain siad an cluiche ceannais amach anuraidh i nDún na nGall agus chroch siad leo an corn an bhliain roimhe sin in aghaidh mhná na Ceathrú Rua ar Pháirc an Mháimín.

Beidh cluiche réamhbhabhta acu in aghaidh Clann na nGael ar an Satharn, i mBéal Átha an Ghaorthaigh le dul ar aghaidh chuig an gcluiche leath-cheannais ar an Domhnach.

Bíonn costas mór ag roinnt le taisteal chuig Comórtas Peile na Gaeltachta, idir cóir iompair agus lóistín. Beidh Tráth na gCeist ar bun i dTigh Chualáin ar an gCoill Rua ar an Aoine bheag seo 24 Bealtaine ar mhaithe le airgead a chruinniú le cuid de na costais a ghlanadh. €40 an táille ar bhord.

Beidh neart duaiseanna raifil le gnóthachtáil ar an oíche freisin.

# AMUIGH 24: FÉILE DON ÓIGE

Tá Cruinniú na nÓg, i gcomhar le Fíbín agus Cúla 4, ag eagrú **Amuigh 24** ar an Tulach ar an 15 Meitheamh. Is féile nua aon aon lae í seo, atá dírithe ar ghasúir ón gcliabhán go hocht mbliana déag.

Déanfar ceiliúradh ar Chruthaitheacht, Ealaín agus Taibhléiriú na nÓg. Beidh réimse leathan gníomhaíochtaí agus siamsaíochta ar fáil ag ‘Amuigh 24’ agus é dírithe ar thrí aoisghrúpa ar leith: 0–5 bliana, 6–12 bhliain agus 13–18 mbliana d’aois. Cinnteoidh an clár cuimsitheach go mbeidh deis ag an lucht freastail a bheith rannpháirteach i gceardlanna idirghníomhacha, chomh maith le taitneamh a bhaint as léirithe ealaíne agus ceol beo.

Beidh saorchead isteach ag an bpobal ag an bhféile le tacaíocht ó Roinn na Gaeltachta ach beidh ar theaghlaigh, grúpaí agus daoine óga clárú don ócáid.

Is féidir tuilleadh eolais agus ticéid **a fháil ar shuíomh Éire Ildánach**.



# SCOLÁIREACHTAÍ DO THEAGASCÓIRÍ GAEILGE

Tá cúrsa Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta á reáchtáil ag an Ollscoil Mhá Nuad le roinnt blianta anuas.

Tá Lárionad na Gaeilge san ollscoil ag bronnadh scoláireachtaí ar bheirt a bhíonn ag múineadh Gaeilge do dhaoine fásta sa nGaeltacht d'fhonn an cháilíocht seo a bhaint amach.

Cúrsa páirtaimseartha ar líne, le ceardlanna, seisiúin tacaíochta, cleachtadh teagaisc agus meantóireacht leanúnach atá sa gcúrsa seo a bhfuil an-tuairisc ina leith. Glanfaidh na scoláireachtaí na táillí.




Is iontach an deis atá anseo. Bíonn an-éileamh ar dhaoine atá in ann cúrsaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí fásta.

Má tá aon cheist agat faoin gcúrsa nó faoi na scoláireachtaí, moltar teachtirecht ríomhphoist a sheoladh chuig:

**aisling.nibheachain@mu.ie**
nó
**ailin.nichonchuir@mu.ie**

Tá **eolas faoin gcúrsa** ar fáil ar láithreán Ollscoil Mhá Nuad.

# *LÁ CRAICEÁILTE*

Comhghairdeachas le scríbhneoirí óga Chois Fharraige!

Tá *Lá Craiceáilte* le Swifty Limbo agus na Buachaillí Bó i gcló!

Seo an dara leabhar ón togra **Scaip an Scéal**, a chuir daltaí ó bhunscoileanna Chois Fharraige i dtoll a chéile i gcomhar le Fighting Words na Gaeltachta agus na hOifigigh Pleanála Teanga. Togra é **Scaip an Scéal**, a tosaíodh i 2021 le deis a thabhairt do ghasúir scéalta nua atá suite sna ceantair ina bhfuil siad féin ina gcónaí.

Foilsíodh *Jimmy agus Taidhgin ag rith thimpeall Chois Fharraige* arú anuraidh agus mara raibh éileamh air! I mbliana, scríobh Rang a 4 i Scoil Náisiúnta na bhForbacha an chéad chaibidil. Ba iad Rang a 4 i Scoil Éinne sa Spidéal a chuir Caibidil 2 leis.

Siar leo sin go Ros a' Mhíl, áit ar chuir gasúir Rang 4,5,6 an tríú caibidil leis an scéal, agus ba iad Rang a 4 i Scoil Sailearna a chuir críoch leis.




Is í Nuala Ní Fhlathúin a rinne an obair álainn ealaíne atá sa leabhar agus choinnigh Fearghas Mac Lochlainn súil ghéar ar chúrsaí! Is iontach go deo a bhfuil curtha i gcrích! Más mian libh fáil amach faoin *Lá Craiceáilte* seo tá cóipeanna de leabhar le fáil i Leabharlann an Spidéil!